# Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála

## Struchtúir agus Creat Náisiúnta



An Roinn Cosanta
An Roinn Cosanta

## Clár an Ábhair


**RÉAMHRÁ........................................................................................................................ 1**

Cuspóir........................................................................................................................1

Lucht Sprice........................................................................................................................1

Cineál Éigeandála........................................................................................................................1

Móréigeandálaí........................................................................................................................1

Éigeandálaí ar Leibhéal Náisiúnta........................................................................................................................1

Sainmhíniú ar Éigeandáil........................................................................................................................2

Bainistíocht Éigeandála in Éirinn........................................................................................................................2

An Cur Chuige Bunaithe ar Chórais........................................................................................................................2

Spriocanna........................................................................................................................2

Prionsabail........................................................................................................................3

Gnéithe Bunúsacha........................................................................................................................3

Comhthéacs Idirnáisiúnta agus Dea-chleachtas........................................................................................................................3

**CUID I: STRUCHTÚIR NÁISIÚNTA UM BAINISTÍOCHT ÉIGEANDÁLA............................................... 5**

**CAIBIDIL A HAON:........................................................................................................................ 6**

**Struchtúir agus Socruithe........................................................................................................................ 6**

Struchtúir Náisiúnta........................................................................................................................6

Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála........................................................................................................................6

Foghrúpaí Thascfhórsa an Rialtais........................................................................................................................6

Treoir-Ranna Rialtais........................................................................................................................6

Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais Tacaíochta........................................................................................................................6

An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí........................................................................................................................6

An Oifig Pleanála Éigeandála........................................................................................................................7

Seirbhís Eolais an Rialtais........................................................................................................................7

An Coiste Slándála Náisiúnta........................................................................................................................7

Socruithe Náisiúnta........................................................................................................................7

Creat um Bainistíocht Móréigeandálaí (Creat CBM) ..................................................7

Measúnú Priacail Náisiúnta d'Éirinn........................................................................................................................8

**CAIBIDIL A DÓ:........................................................................................................................ 10**

**An Treoir-Roinn Rialtais........................................................................................................................ 10**

Réamhrá........................................................................................................................ 10

Freagrachtaí agus Socruithe i Roinn........................................................................ 10

Róil agus Freagrachtaí an Treoir-Roinn Rialtais........................................................................................................................
10

Ról Comhordaithe an Treoir-Roinn Rialtais........................................................................................................................ 11

Comhordú cothrománach........................................................................................................ 11
Comhordú Ingearach........................................................................................................ 11
Comhordú idirnáisiúnta........................................................................................................ 11
Plé Polaitiúil leis an Treoir-Roinn Rialtais............................................................. 11
Tuairisc Bhliantúil ar Bhainistíocht Éigeandálaí............................................................................................ 12
**CAIBIDIL A TRÍ:........................................................................................................... 13**
**Idirphlé leis an Aire, an Rialtas agus an Oireachtas........................................................................ 13**
Réamhrá........................................................................................................................... 13
Plé leis an Aire........................................................................................................................ 13
Faomhadh an Aire........................................................................................................ 13
Airí a Choimeád ar an eolas............................................................................................. 13
Faomhadh a Rialtais........................................................................................................ 13
Faomhadh an Rialtais a lorg........................................................................................................ 13
Sonraí a thabhairt don Rialtas............................................................................................. 13
Ceanglais an Oireachtais........................................................................................................ 13
Gnáthghnó an Oireachtais............................................................................................. 13
Prótacal maidir le díospóireachtaí Oireachtais agus éigeandáil ar siúl.............................. 13
**CUID II: CREAT NÁISIÚNTA UM BAINISTÍOCHT ÉIGEANDÁLA............................................... 15**
**CAIBIDIL A CEATHAIR:........................................................................................................... 16**
**Bainistíocht Riosca........................................................................................................... 16**
Réamhrá........................................................................................................................... 16
Sainmhínithe........................................................................................................................ 16
Anailís ar Ghuaiseacha agus Measúnú Riosca............................................................................................ 16
An Próiseas don Mheasúnú Náisiúnta Riosca........................................................................................................ 17
Maolú Riosca agus Rialú Riosca............................................................................................. 17
An chaoi a bhfuiltear chun an Maitrís Náisiúnta Riosca a Úsáid............................................................................................. 18
Ullmhacht: Dianseasmhacht Náisiúnta............................................................................................ 18
Dianseasmhacht Pobail........................................................................................................ 18
Dianseasmhacht an Bhonneagair Ríthábhachtaigh........................................................................................................ 18
Bonneagar Ríthábhachtach............................................................................................. 19
Dianseasmhacht an Bhonneagair Ríthábhachtaigh a Fheabhsú - Cur Chuige Comhordaithe............................................................................................. 19
Freagracht an Rialtais............................................................................................. 19
An Foghrúpa ar Bhonneagar Criticiúil de chuid Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála 21
**CAIBIDIL A CÚIG:........................................................................................................... 22**
**Pleanáil agus Ullmhacht........................................................................................................ 22**

Forbhreathnú........................................................................................................................................... 22

Ullmhú Córasach ag gach Roinn nó Gníomhaireacht................................................................................. 22

Socruithe Praiticiúla.............................................................................................................................. 22

Pleanáil agus Ullmhacht - na Gnéithe Bunúsacha........................................................................................ 23

Pleananna agus Pleanáil................................................................................................................ 23

Céimeanna Ullmhachta...................................................................................................................................... 23

Measúnú agus Bailíochtú na gCéimeanna Ullmhachta................................................................................... 24

Ullmhacht le haghaidh Ranna agus Gníomhaireachtaí Tacaíochta............................................................................. 24

**CAIBIDIL A SÉ:.............................................................................................................................. 25**

**Freagairt Éigeandála ar Leibhéal Náisiúnta a Chomhordú.................................................................... 25**

Réamhrá.............................................................................................................................................. 25

Feasacht faoi Staid agus Monatóireacht Staide................................................................................. 25

Breathnú ar a bhfuil Romhainn.................................................................................................................. 25

Feasacht faoi Staid.................................................................................................................. 25

Éigeandálaí a d'fhéadfadh Comhordú/Idirghabháil ar Leibhéal Náisiúnta a Spreagadh............................................ 25

An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí................................................................................. 26

An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a Thionól.................................................................. 26

Freastal ar an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí................................................................ 26

Déanamh Cinntí ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí...................................................... 26

Cinntí an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a Chur i bhFeidhm.............................................. 27

Comhordú agus Treoir ar Leibhéal Náisiúnta.................................................................................. 27

Comhordú éifeachtach a bhaint amach............................................................................................. 27

Athbhreithniú.......................................................................................................................................... 27

**CAIBIDIL A SEACHT:.............................................................................................................................. 28**

**Téarnamh................................................................................................................................................ 28**

Réamhrá.............................................................................................................................................. 28

Aistriú chuig Téarnamh.............................................................................................................................. 28

Ról an Treoir-Roinn Rialtais i dTéarnamh.................................................................................... 28

Buiséadú agus Maoiniú i gcomhair Práinnfhreagartha agus Téarnaimh............................................................ 29

Cúnamh agus Cabhair Dhaonnúil.......................................................................................................... 30

Athbhreithniú.......................................................................................................................................... 30

**LEABHARLIOSTA.............................................................................................................................. 31**

**AGUISÍN A: Róil agus Freagrachtaí Threoir-Ranna/Threoirghníomhaireachtaí agus Ranna/Gníomhaireachtaí Tacaíochta an Rialtais........... 33**

**AGUISÍN B: Tuarascáil Shamplach ar Staid Bainistíochta Éigeandála............................................................ 50**

# BROLLACH

## Cuspóir

1. Sa cháipéis seo leagtar amach na socruithe náisiúnta chun bainistíocht éifeachtach éigeandála a dhéanamh. Tugtar cuntas inti ar na struchtúir chun cur chuige "uile-Rialtais" a chomhordú agus creat chun cur chuige bunaithe ar chórais a ghlacadh i dtreo bhainistíocht éigeandála. Beidh sraith de 'Threoirlínte um Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála (BSE)' ag cur leis an gcáipéis agus iad ag plé le gnéithe sonracha de bhainistíocht straitéiseach éigeandála.

2. Tá an cur chuige náisiúnta sin ceaptha go príomha chun feabhas a chur ar chosaint an phobail, ar thacaíocht dó agus ar leas an phobail i gcásanna éigeandála, trí chinntiú go bhfuil struchtúir náisiúnta i bhfeidhm chun déileáil le speictream leathan d'éigeandálaí, cibé acu gur laistigh den tír nó lasmuigh di a thosaigh siad. Tá na socruithe sin ceaptha freisin chun feabhas a chur ar dhianseasmhacht náisiúnta ionas go ndéantar a lú cur isteach agus is féidir ar fheidhmiú na sochaí agus an gheilleagair.

### Lucht Sprice

3. Sa cháipéis seo tugtar treoir straitéiseach do Ranna Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí faoina gcoimirce. Freisin tugtar eolas d'eagraíochtaí a bhíonn ag ullmhú i gcomhair éigeandálaí nó ag freagairt orthu e.g. comhlachtaí fóntais, comhlachtaí leathstáit, agus an earnáil dheonach, chomh maith le heolas don phobal faoi na socruithe atá i bhfeidhm.

### Cineálacha Éigeandála

4. Is féidir éigeandálaí éagsúla tarlú i dtír ar bith ar nós tinte, timpistí ar bhóthar, teagmhais a bhaineann le substaintí guaiseacha, agus éigeandálaí aimsire crua. Tugtar "gnáthéigeandálaí" orthu siúd agus gach bliain in Éirinn tugann na príomhsheirbhísí éigeandála freagairt ar na mílte eachtra den sórt sin.

### Móréigeandálaí

5. Tarlaíonn roinnt éigeandálaí a d'fhéadfadh nach mbeadh dóthain acmhainní ag na seirbhísí éigeandála áitiúla sa cheantar ina dtarlaíonn siad chun freagairt orthu, agus d'fhéadfadh go mbeadh roinnt tacaíochta áitiúla breise ag teastáil, chomh maith le comhordú réigiúnach ag na 'Príomhghníomhaireachtaí Freagartha'[2]. Tugtar cuntas ar an leibhéal sin de chomhordú sa Chreat um Bainistíocht Móréigeandálaí, 2006 (an Creat BMÉ), a chuireann ar chumas na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PGFanna) ullmhú i gcomhair móréigeandálaí agus freagairt orthu. Tacaíonn roinnt aguisíní, treoirlínte agus prótacail a ghabhann leis an gCreat BMÉ leis na PGFanna agus iad ag comhlíonadh na feidhme sin.

### Éigeandálaí ar Leibhéal Náisiúnta

6. Tá tréithe ag baint le roinnt éigeandálaí a chiallaíonn go mbeidh gá le gné náisiúnta d'fhreagairt a chur i bhfeidhm. Anois go mbíonn an tsochaí ag éirí níos 'domhandaithe' i gcónaí agus go mbíonn an domhan ag éirí níos nasctha, d'fhéadfadh éigeandáil tarlú in Éirinn a tháinig chun cinn de thoradh imeachtaí de dhéanamh an duine sa tír féin nó áit eile. Is gá pleanáil i gcomhair cásanna éagsúla éigeandála a d'fhéadfadh go mbeadh freagairt ar leibhéal náisiúnta ag teastáil lena n-aghaidh agus tá níos mó ná 50 cás den sórt sin aitheanta in Aguisín A "Róil agus Freagrachtaí Threoir-Ranna/Threoirghníomhaireachtaí agus Ranna/Gníomhaireachtaí Tacaíochta an Rialtais.

---

[1] An Garda Síochána, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, an tSeirbhís Dóiteáin agus Garda Cósta na hÉireann.

[2] An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus na húdaráis áitiúla

## Sainmhíniú ar Éigeandáil

7. I gcomhthéacs náisiúnta, déantar éigeandáil[3] a shainmhíniú mar:

Eachtra ar gnách nach dtugtar mórán rabhaidh nó rabhadh ar bith ina leith, a bhíonn freagrach nó a bhagraíonn a bheith freagrach as bás, díobháil thromchúiseach, cur isteach mór ar na seirbhísí bunúsacha, an geilleagar nó an bonneagar ríthábhachtach, dochar mór d'aonaid réadmhaoine nó don timpeallacht, agus ar gá acmhainní náisiúnta a chur i ngníomh chun déanamh cinnte go dtarlaíonn freagairt agus téarnamh éifeachtach agus comhordaithe.

## Bainistíocht Éigeandála in Éirinn

### An Cur Chuige Bunaithe ar Chórais

8. Tá timthriall leanúnach gníomhaíochta i gceist leis an gCur Chuige Cúig Chéime Bunaithe ar Chórais i dtreo bhainistíocht éigeandála mar atá léirithe i bhFíor 1. Seo a leanas príomhghnéithe an chuir chuige bunaithe ar chórais;

- Anailís ar Ghuaiseacha
- Maolú
- Pleanáil agus Ullmhacht
- Freagairt
- Téarnamh




Fíor 1: An Cur Chuige Cúig Chéime Bunaithe ar Chórais

[3] Déanfar an téarma 'Éigeandáil' a léirthuiscint ar bhealach a chuimseoidh téarmaí mar 'géarchéim' 'tubaiste' agus 'anachain' ar minic go luaitear iad ar bhealach inmhalartaithe i bhfoilseacháin idirnáisiúnta.

**Cuspóirí**

9. Cuimsíonn bainistíocht éifeachtach éigeandála guaiseacha a aithint, rioscaí a mhaolú, pleanáil, freagairt agus téarnamh. Is iad na cuspóirí um bainistíocht éigeandála ar leibhéal náisiúnta ná:

- An pobal a chosaint agus dochar do réadmhaoin, don gheilleagar agus do bhonneagar criticiúil a íoslaghdú nó a chosc.
- Ceannaireacht shoiléir a thabhairt i gcás éigeandála, a chuimsíonn socruithe chun rabhadh agus eolas a thabhairt don phobal.
- Freagairt thráthúil agus éifeachtach a éascú trí hoibríochtaí éifeachtúla agus comhordaithe.
- Déanamh cinnte go gcoimeádtar seirbhísí riachtanacha agus go bhfilltear ar an ngnáthshaol go héifeachtúil agus go tráthúil.
- Dianseasmhacht agus spiorad pobail a chothú agus a spreagadh, lena n-áirítear cabhrú le soláthar seirbhísí ag na seirbhísí éigeandála deonacha agus leis na pobail atá buailte ag éigeandáil.
- Tacú le stiúradh sábháilte oibríochtaí práinnfhreagartha trí hoiliúint agus chleachtaí éifeachtúla agus réalaíocha.
- An chéim téarnaimh d'oibríochtaí a chomhordú, agus ar an mbealach sin filleadh tráthúil ar an ngnáthshaol a éascú chomh luath agus is féidir go praiticiúil

## Prionsabail

10. Glacadh leis na prionsabail seo a leanas agus tá siad mar bhonn do gach leibhéal den bhainistíocht éigeandála in Éirinn:

**Cur Chuige Guaiseacha Uile**

Aithnítear gnéithe coitianta den bhainistíocht éigeandála, is cuma faoin áit ar thosaigh an éigeandáil.

**Coimhdeacht**

Tarlaíonn an phráinnfhreagairt tosaigh ar an leibhéal is gaire/is ísle atá cuí, agus comhordú ar siúl ar leibhéil eile de réir mar a éiríonn cúrsaí níos measa.

**Comhordú**

Teastaíonn comhordú éifeachtach idir, agus laistigh d'eagraíochtaí a oibríonn ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

## Gnéithe Bunúsacha

11. Agus cur chuige i bainistíoch á chur i , is gá aghaidh a thabhairt ar ghnéithe bunúsacha.

- Cloí le haon reachtaíocht ábhartha agus le haon rialacháin arna ndéanamh fúithi sin.
- Riosca a mheasúnú mar ghné de chóras bainistíochta atá oiriúnach don chuspóir.
- Pleananna éigeandála a choimeád atá suas le dáta agus oiriúnach don fheidhm chomh maith leis na cumais riachtanacha chun iad a chur i bhfeidhm.
- Leanúnachas gnó a chur chun cinn, agus pleananna um leanúnachas gnó a choimeád.
- Coincheap na dianseasmhachta a chuimsiú i ngníomhaíochtaí bainistíochta éigeandála.
- Cumarsáid shoiléir a dhéanamh leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara, rabhaidh thráthúla agus chuí a thabhairt, chomh maith le comhairle agus eolas tráthúil agus cuí.

- Sanntar Treoir-Ranna Rialtais (TRRanna) chun ceannaireacht a dhéanamh i gcásanna éagsúla. Oibríonn siad as lámh a chéile le Ranna, Gníomhaireachtaí agus príomhpháirtithe leasmhara eile chun pleanáil i gcomhair éigeandála agus déileáil leo nuair a tharlaíonn siad.
- Is gá aghaidh a thabhairt ar chúrsaí maoinithe agus acmhainne chomh luath agus is féidir.
- Eolas a roinnt agus coimeád feasach faoi staid (agus aon srianta ó thaobh Chosaint Sonraí nó slándála á gcoimeád i gcuimhne).
- Comhoibriú de réir mar is gá leis an earnáil phríobháideach, leis na seirbhísí éigeandála deonacha agus le pobail.
- Cur chuige oscailte agus trédhearcach a ghlacadh i dtreo an pobal a choimeád ar an eolas faoina bhfuil á dhéanamh chun iad a chosaint agus faoi conas is féidir cabhrú leo féin agus le daoine eile.

**Comhthéacs Idirnáisiúnta agus Dea-chleachtas.**

12. Glacann Éire páirt i réimsí éagsúla idirnáisiúnta ina bpléitear le bainistíocht éigeandála. Tá dea-chleachtais agus nósanna imeachta, oiliúint agus cleachtaí idirnáisiúnta cuimsithe ag baill foirne ar saineolaithe iad i Ranna Rialtais agus in údaráis phoiblí, agus tá scileanna oibriúcháin forbartha acu agus iad curtha in oiriúint do chúinsí na hÉireann.

13. Freisin tá Éire ina páirtí do roinnt socruithe déthaobhacha agus iltaobhacha a bhaineann le bainistíocht éigeandála agus bíonn sí ag comhoibriú ar leibhéil idirnáisiúnta éagsúla, laistigh de na Náisiúin Aontaithe (NA), den Aontas Eorpach (AE), agus den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) go príomha. Freisin glacann Éire páirt i gComhpháirtíocht na Síochána (PfP) de chuid NATO. Pléitear ar bhealach níos sonraí leis an gcomhthéacs idirnáisiúnta sna treoirlínte BSÉ.

# CUID I: STRUCHTÚIR NÁISIÚNTA UM BAINISTÍOCHT ÉIGEANDÁLA

# CAIBIDIL A HAON:

## Struchtúir agus Socruithe

### Struchtúir Náisiúnta

1.1. Tá na struchtúir agus na socruithe seo a leanas i bhfeidhm chun bainistíocht éigeandála ar leibhéal náisiúnta a chumasú.

**Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála**

1.2. Déanann an tAire Cosanta cathaoirleacht ar Thascfhórsa an Rialtais (TFR) ar Phleanáil Éigeandála agus tá sé déanta suas d'ionadaithe sinsearacha ar gach Roinn, ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar an nGarda Síochána, Óglaigh na hÉireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, na Coimisinéirí Ioncaim, Met Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Oifig na n-Oibreacha Poiblí, Garda Cósta na hÉireann agus Gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí. D'fhéadfadh go ndéanfadh Airí freastal ar an TFR nuair is cuí.

1.3. Déanann an TFR comhordú agus maoirseacht ar bheartais agus gníomhaíochtaí go léir na Ranna agus na nGníomhaireachtaí Rialtais faoin gcoimirce i leith bhainistíocht éigeandála. Tugann sé ceannaireacht pholaitiúil agus éascaíonn sé comhordú ar bhainistíocht éigeandála idir Ranna agus Gníomhaireachtaí ar bhonn leanúnach. Tugann an TFR tacaíocht do thionscnaimh bheartais an Aire Cosanta mar chathaoirleach an TFR, trí Fhoghrúpaí a bhfuil cúraim speisialta orthu de ghnáth. Freisin soláthraíonn sé ardán chun taithí agus dea-chleachtais a roinnt ar fud Ranna agus Gníomhaireachtaí.

**Foghrúpaí Thascfhórsa an Rialtais**

1.4. Is le haghaidh cuspóirí sonracha a bhunaítear Foghrúpaí an TFR agus is féidir leo bheith déanta anuas de Ranna Rialtais, de Ghníomhaireachtaí agus d'údaráis phoiblí/leathstáit ag a bhfuil róil treoracha/tacaíochta i bpleananna éigeandála an Rialtais chomh maith le páirtithe leasmhara príobháideacha agus eagraíochtaí neamhrialtais de réir mar is ga. Déanann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cathaoirleacht ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta

agus tá sé ina Fhóghrúpa den TFR. Leagann an TFR cúram ar na Foghrúpaí as staidéir sonracha a dhéanamh agus gnéithe áirithe den bhainistíocht éigeandála a fhorbairt. Pléann na Foghrúpaí le cúrsaí éigeandála agus é mar aidhm na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ag aon éigeandáil áirithe a laghdú an oiread agus is féidir. Tugann na Foghrúpaí tuairisc don TFR de réir mar a cheanglaítear orthu nó mar a threoraítear ag an gCathaoirleach iad

**Treoir-Ranna Rialtais**

1.5. Is í an Treoir-Roinn Rialtais (TRR) a bhfuil údarás aici agus freagracht uirthi ó thaobh comhordú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht go léir ar leibhéal náisiúnta do na cineálacha éigeandála atá sannta di. Cuimsíonn ról an TRR measúnú riosca, pleanáil agus ullmhacht, cosc, maolú, freagairt, agus téarnamh. In Aguisín A leagtar amach an TRR do gach cineál éigeandála atá aitheanta. Tá freagrachtaí Ranna/Gníomhaireachta Tacaíochta sannta chomh maith.

**Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais Tacaíoch ta**

1.6. Beidh gach Roinn Rialtais agus na Gníomhaireachtaí faoina gcoimirce réidh le gníomhú i bpríomhról tacaíochta nó i ról tacaíochta[eile].

1.7. Aithníonn an TRR na róil sonracha a bhfuil sé ag súil go dtabharfaidh Ranna/Gníomhaireachtaí Tacaíochta fúthu i gcás éigeandála, agus oibríonn sé leo sa chéim phleanála agus ullmhachta.

**An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí**

1.8. Is é an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (GNCÉ) ardán lárnach an Rialtais a bunaíodh mar chuid den fhreagairt ar éigeandála atá bagartha nó atá ag tarlú ar leibhéal náisiúnta

[4] Is é atá i bPríomhról Tacaíochta ná ról atá luaite go sonrach i bpleananna éigeandála Roinne.
[5] I measc ról tacaíochta eile tá cúnamh neamhshonrach a d'fhéadfadh go n-iarrfadh aon Roinn nó Ghníomhaireacht é i gcás éigeandála.

Tionóltar ag an OPÉ é ar iarratas an TRR ábhartha, agus déanann an tAire nó oifigeach sinsearach ón Roinn sin cathaoirleacht air. Nuair a thionóltar GCNÉ, tá sé mar oibleagáid ar gach ball den TFR freastal ar an gcéad chruinniú. Déantar freastal ar chruinnithe ina dhiaidh sin a láimhseáil i bhfianaise nádúr na héigeandála, agus de réir rogha an TFR.

1.9. Féadfaidh an Cathaoirleach Foghrúpaí a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha a thagann chun cinn, nó a meastar go dtiocfaidh siad chun cinn agus aghaidh á tabhairt ar an éigeandáil.

### An Oifig Pleanála Éigeandála

1.10. Tacaíonn an Oifig Pleanála Éigeandála (OPÉ), a bunaíodh sa Roinn Cosanta, leis an Aire Cosanta mar chathaoirleach an TFR.

1.11. Déanann an OPE an tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a bhainistiú agus a oibriú, agus an áis á coimeád i staid ardréidhe agus a úsáid ag TRRanna a éascú chun gníomhaíochtaí freagartha éigeandála agus gníomhaíochtaí eile bainteach le bainistíocht éigeandála a dhéanamh.

1.12. Tugann an OPÉ piarthacaíocht do Ranna agus Ghníomhaireachtaí Rialtais chun bearnaí sa chumas a aithint agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt cumas.

1.13. Gníomhaíonn an OPÉ mar lárionad ó thaobh phleanáil éigeandála go sonrach agus bainistíocht éigeandála go ginearálta. Sa bhreis air sin, cuimsíonn a sainchúram freisin oiliúint agus oideachas a eagrú maidir le bainistíocht éigeandála, agus comhairle agus cúnamh a thairiscint má iarrtar do Ranna Rialtais a dtaobh a gcuid feidhmeanna bainistíochta éigeandála.

1.14. Tá sé chuspóir ag an OPÉ pleanáil éigeandála a fheabhsú agus a chomhordú agus obair riachtanach na Ranna agus Gníomhaireachtaí áirithe ó thaobh bhainistíocht éigeandála a chomhtháthú.

1.15. Freisin gníomhaíonn an OPÉ mar acmhainn do Ranna
agus í ag tairiscint comhairle agus cúnaimh ó thaobh
pleananna éigeandála a ullmhú, cleachtaí a ullmhú agus a dhéanamh agus cabhrú leo siúd a fhreagraíonn d'imeachtaí éigeandála ar leibhéal náisiúnta.

1.16. Ullmhaíonn an OPÉ an Measúnú Riosca Náisiúnta d'Éirinn (MRNÉ), i gcomhar le Ranna Rialtais ábhartha agus pléann sí mar is cuí leis an Aontas Eorpach maidir leis an MRNÉ agus athbhreithnithe tréimhsiúla bainteacha.

### Seirbhís Eolais an Rialtais

1.17. Oibríonn Seirbhís Eolais an Rialtais (SER) i ndlúthpháirt le Treoir-Ranna Rialtais chun cumarsáid faoi gach saincheist bainistíochta éigeandála a ullmhú agus a chur ar fáil.

### An Coiste Náisiúnta Slándála

1.18. Is é an tArd-Rúnaí don Rialtas a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Náisiúnta Slándála (CNS) agus tá sé déanta suas d'ionadaithe sinsearacha ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Cosanta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i dteannta le hÓglaigh na hÉireann agus leis an nGarda Síochána. Is é a phríomhchúram ná slándáil ach bíonn sé ar fáil freisin mar acmhainn ardleibhéil le linn éigeandála a bhfuil gné slándála ag baint leis.

## Socruithe Náisiúnta

1.19. Sna cáipéisí seo a leanas leagtar amach na socruithe, i dteannta leis an gCreat BSÉ seo, a thacaíonn le bainistíocht éigeandála in Éirinn agus atá mar chuid lárnach di.

### Creat um Bainistíocht Móréigeandálaí (an Creat BMÉ)

1.20. Sa Chreat BMÉ leagtar amach na socruithe chun cur ar chumas na PGFanna (Údaráis Áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána) chun ullmhú i gcomhair móréigeandálaí agus freagairt chomhordaithe a thabhairt orthu.


1.21. Tá raon leathan d'aguisíní agus de cháipéisí treorach agus prótacail eile ann ina bpléitear le gnéithe sonracha de bhainistíocht éigeandála agus a chuireann leis an gCreat BMÉ. Féach ar www.mem.ie

1.22. Tá na naisc idir Pleananna Náisiúnta, Pleananna BMÉ agus Pleananna eile léirithe i dTábla 1.

### Measúnú Riosca Náisiúnta d'Éirinn

1.23. Sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta d'Éirinn (MRNÉ) aithnítear agus déantar measúnú ar na rioscaí Nádúrtha, Teicneolaíochta, Sibhialta agus Iompair a bhfuil an tír ag tabhairt aghaidhe orthu. Is í an OPÉ a fhoilsíonn an MRNÉ thar ceann an TFR agus a dhéanann cinnte go gcomhlíontar ceanglais an AE maidir le bainistíocht riosca. I gCaibidil a Ceathair den cháipéis seo (a gcuireann na próisis atá leagtha amach i dTreoir BSÉ 7 léi) leagtar amach an mhodheolaíocht a úsáidtear chun an MNRÉ a chur le chéile agus a athbhreithniú.

**Tábla 1: Pleananna Náisiúnta, Pleananna BMÉ agus Pleananna eile a Nascadh**



# CAIBIDIL A DÓ:

# An Treoir-Roinn Rialtais

### Brollach

2.1. Is í an Treoir-Roinn Rialtais (TRR) a bhfuil údarás aici agus freagracht uirthi ó thaobh comhordú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht go léir ar leibhéal náisiúnta do na cineálacha éigeandála atá sannta di (féach ar Aguisín A). I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná comhordú i gceist le ról an TRR, agus gníomh chomh maith le treoir ag teastáil.

### Freagrachtaí agus Socruithe i Roinn

2.2. Chun déanamh cinnte go dtugtar tús áite mar is cuí d'fheidhmeanna bainistíochta éigeandála na Roinne, moltar na socruithe seo a leanas:

- Ba cheart go mbeadh bainistíocht éigeandála cumhdaithe i Ráiteas Straitéise na Roinne.
- Ba cheart go mbeadh na feidhmeanna bainistíochta éigeandála cuimsithe sa phróiseas bliantúil um Phleanáil Ghnó. Ba cheart go n-aithneofaí feidhmeanna i bPleananna Gnó a d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach iad a chur ar athlá nó a scor i gcás éigeandála, chomh maith le feidhmeanna riachtanacha nach mór leanúint ar aghaidh á gcomhlíonadh le linn éigeandála.
- Ba cheart treoir straitéiseach agus maoirseacht oibriúcháin ar fheidhmeanna bainistíochta éigeandála na Roinne a shannadh do bhall ainmnithe ag Bord Bainistíochta (BB) na Roinne.
- Ba cheart oifigeach sinsearach a ainmniú chun ceannas oibriúcháin a ghlacadh ar na feidhmeanna bainistíochta éigeandála. Is gnách gur cheart an duine a ainmniú don chúram sin a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an GNCÉ thar ceann na Roinne.
- Ba cheart go ndéanfadh Oifigeach Preasa agus Eolais na Roinne caidreamh leis na meáin agus bainistíocht faisnéise a chomhordú.

### Róil agus Freagrachtaí an Treoir-Roinn Rialtais

### Roinn Rialtais

2.3. Tá an TRR, agus í ag obair leis na Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais tacaíochta ainmnithe freagrach as cur chuige 'uile-Rialtais' a chomhordú i dtreo éigeandálaí sonraithe (Féach ar Aguisín A), le linn an timthriall bainistíochta éigeandála. Is iad na príomhchúraim don TRR ná:

- Bheith i gceannas ar an bpróiseas bainistíochta riosca, agus measúnú riosca, cosc is maolú á gcuimsiú
- Rannpháirtíocht sa TRR.
- Pleananna éigeandála ilchineálacha agus pleananna sonrach do chásanna áirithe a fhorbairt chomh maith le nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánach (NIOCanna) agus cáipéisí treorach eile chun cur ar a chumas tarlú chineálacha sannta éigeandála a bhainistiú. Tá sé riachtanach ról a thabhairt d'eintitis ábhartha san earnáil phríobháideach i bpleanáil agus i bhfreagairt éigeandála nuair is gá sin.
- Cleachtaí cuí a cheapadh agus a stiúradh, na ceachtanna a foghlaimíodh ó na cleachtaí sin a mheas agus a chur i ngníomh.
- Déanamh cinnte go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun foláirimh/rabhaidh nó fógraí faoi éigeandálaí a fháil agus freagairt dóibh agus um monatóireacht (feasacht staide a fhorbairt) faoi chásanna leanúnacha.
- A ról mar TRR a chur i bhfeidhm i gcás go dtarlaíonn éigeandáil shonraithe. Más cuí, féadfaidh TRR socrú a dhéanamh chun móréigeandáil a dhearbhú faoin gCreat um Bainistíocht Móréigeandálaí.

[6] Is é ata i Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach (NIOC) ná nath cainte a chuireann síos ar ghnáthnósanna imeachta nach mór cloí leo i gcónaí i gcúinsí áirithe nó i gcás áirithe – ba cheart é a shainiú ó

phleananna éigeandála na Roinne, ar féidir na NIOCanna a cheangal leo más cuí

- Cumarsáid leanúnach a choimeád leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara, go háirithe le linn éigeandála.
- Cathaoirleach a dhéanamh ar an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (GNCÉ) i gcomhréir leis na róil treorach arna sannadh.
- Fóraim chuí a bhunú atá déanta suas de chomhlachtaí Roinne agus de chomhlachtaí eile i gcúinsí áit nach cuí GNCÉ a thionól.
- Caidrimh oibre a fhorbairt agus a choimeád le Ranna agus Gníomhaireachtaí tacaíochta trí chumarsáid, trí hoiliúint agus trí chleachtaí leanúnacha. Is féidir leis sin freisin soláthar tacaíochta frithpháirtí sa chéim fhreagartha a chuimsiú.
- Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú leis an OPÉ.

- Le linn an chéim téarnaimh, bheith i gceannas ar théarnamh, nó cúram a fhágáil ar Roinn Rialtais eile áit a n-aontaítear air sin.

## Comhordú an Treoir-Roinn Rialtais

## Ról

2.4. Tá coincheap an chomhordaithe ag TRR ag croílár na bainistíochta éigeandála náisiúnta. Éascaíonn an TRR cinnteoireacht choiteann agus gníomh comhtháite i measc raon leathain d'eagraíochtaí agus de ghrúpaí a bhfuil ról le glacadh acu ar leibhéil éagsúla.

2.5. Ní thugann ról comhordaithe an TRR le tuiscint go bhfuiltear ag cur isteach ar ról aon chomhlachta reachtúil, ach ba cheart eolas agus léargas ón TRR agus ón GCNÉ (nuair a thionóltar é) a roinnt leis na comhlachtaí sin nuair is cuí.

2.6. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas ag gach Roinn agus Gníomhaireacht rannpháirteach a gcuid gnáthfhreagrachtaí eagraíochta a chomhlíonadh, chomh maith le haon róil breise, arna n-aontú orthu ag an GCNÉ. Léiríonn an cineál sin comhordaithe castacht éigeandálaí agus ról le glacadh ag rannpháirtithe agus grúpaí iomaí ar leibhéil éagsúla.

## Comhordú cothrománach

2.7. Is é atá i gceist leis sin ná comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíocht Ranna agus Gníomhaireachtaí iomaí a bhfuil ról cuí acu ar leibhéal náisiúnta, trí rannpháirtíocht sa GCNÉ go príomha.

## Comhordú Ingearach

2.8. Is é atá i gceist leis sin ná comhordú ar ghníomhaíochtaí idir na leibhéil éagsúla (lena n-áirítear leibhéal áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta).

2.9. Is í an TRR atá freagrach as comhordú idir na leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta.

2.10. Áit is gá imeachtaí éigeandála a thuairisciú, ba cheart go smaoineodh údaráis ar úsáid a bhaint as an Tuairisc Staide (SitRep) um bainistíocht éigeandála (Féach ar Aguisín B). Tá treoracha ar úsáid a bhaint as an SitRep cuimsithe i dTreoirlínte BSÉ 2 "Cumarsáid".

## Comhar Idirnáisiúnta

2.11. Tá an TRR freagrach freisin as comhordú ar aon ghné idirnáisiúnta a ghabhann le héigeandáil, agus le haon idirspleáchais bhainteacha. Áit a bhfuil gné mhór idirnáisiúnta ag gabháil le héigeandáil, féadfaidh an TRR Foghrúpa 'idirnáisiúnta' a bhunú agus rannpháirtithe cuí ann agus féadfaidh sí Roinn ábhartha a shannadh chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhFoghrúpa sin.

## Plé Polaitiúil leis an Treoir-Roinn Rialtais

## Roinn Rialtais

2.12. Ba cheart an tAire atá freagrach as TRR a chur ar an eolas faoi fhreagrachtaí a Roinne ó thaobh bainistíochta éigeandála.

- Chomh luath agus is féidir go praiticiúil tar éis go gceaptar iad, ba cheart eolas cuimsitheach a thabhairt d'Aire faoi fhreagrachtaí bainistíochta éigeandála a Roinne.
- Cuimseoidh sé sin iad a chur ar an eolas faoi a socruithe atá i bhfeidhm sa Roinn, in éineacht le

Ranna agus Gníomhaireachtaí Tacaíochta, agus
le haon eintitis ábhartha gnó/neamhstáit.

- Más féidir, is é an t-oifigeach sinsearach a chomhlíonann ról Chathaoirleach an GCNÉ a thabharfaidh an t-eolas sin. Cuirfidh sé sin ar chumas an Aire treoir a thabhairt, i dtaobh na gcinntí a d'fhéadfadh go mbeidís ag teastáil ag an GCNÉ.
- Ba cheart an tAire a chur ar an eolas go bhféadfadh go mbeadh treoir straitéiseach phráinneach ag teastáil ón Rialtas le haghaidh roinnt cásanna, agus faoi na socruithe atá leagtha amach sa Chreat atá ceaptha chun é sin a éascú.
- Ag braith ar thromchúise éigeandála, d'fhéadfadh go gcinnfeadh Aire cathaoirleacht a dhéanamh ar an GCNÉ.

## Tuairisc Bhliantúil ar Bhainistíocht Éigeandálaí

2.13. Ba cheart do TRR tuairisc bhliantúil ar bhainistíocht éigeandála a ullmhú. Ba cheart go bpléifí ansin le gach gné d'fheidhmeanna éigeandála na Roinne. Ba cheart go ndéanfaí an tuairisc sin a fhaomhadh ag Bord Bainistíochta an TRR gach bliain, agus a chur faoi bhráid an OPÉ, chun bonn eolais a chur faoin Tuarascáil Bhliantúil don Rialtas ag an Aire Cosanta mar Chathaoirleach an TFR.

# CAIBIDIL A TRÍ

## Idirphlé leis an Aire, an Rialtas agus an Oireachtas

### Brollach

3.1. Cosúil le freagairt áitiúil éigeandála, is gnách go mbíonn na hoifigigh/saineolaithe ábhartha i gceannas ar chomhordú náisiúnta éigeandála. Ag brath ar an éigeandáil, d'fhéadfadh gurbh cuí d'Aire an TRR (agus Airí na bPríomh-ranna Tacaíochta) cathaoirleacht a dhéanamh i gcruinnithe/páirt a ghlacadh iontu agus freisin bheith i gceannas ar sheisiúin eolais don phreas, go háirithe sna céimeanna tosaigh den fhreagairt.

### Plé leis an Aire

#### Faomhadh an Aire

3.2. Áit is gá faomhadh an Aire a fháil le haghaidh aon bheart atá beartaithe, ní mór an t-ábhar a chur faoi bhráid an Aire atá i gceannas ar an TRR. Áit ar ábhar Tras-Roinne é agus nach dtagtar ar chonclúid faoi ag GCNÉ, ní mór é a chur faoi bhráid na n-Airí ábhartha, agus faoin Taoiseach, más gá.

#### Airí a Choimeád ar an eolas

3.3. Beidh ábhar eolais rialta ag teastáil ón Taoiseach agus ó na hAirí. Is gnách gur cheart an t-ábhar sin a aimsiú i dtuairiscí laethúla an GCNÉ, agus a chur ar fáil ag an TRR, agus ba cheart cur leis de réir mar is cuí maidir le ról Roinn an Aire féin.

### Faomhadh an Rialtais

#### Faomhadh an Rialtais a lorg

3.4. I gcás éigeandála tromchúisí nó casta, d'fhéadfadh gurbh gá faomhadh an Rialtais a lorg um bearta freagartha beartaithe. Is é Aire an TRR atá freagrach as ábhair dá dteastaíonn faomhadh den sórt sin a chur faoi bhráid an Rialtais. Más gá don chás leanúnach, féadfaidh an Rialtas/Taoiseach cinneadh Coiste Comh-Aireachta a bhunú.

#### An Rialtas a chur ar an Eolas

3.5. Chun eolas a thabhairt don Rialtas faoi chásanna éigeandála leanúnacha, cuirfidh an TRR Meabhrán Eolais faoi bhráid Rúnaíocht an Rialtais ar an ngnáthbhealach. Féadfar cuireadh a thabhairt d'oifigigh ón TRR agus d'oifigigh eile eolas a thabhairt díreach don Chomh-Aireacht, más gá.

### Ceanglais an Oireachtais

#### Gnáthghnó an Oireachtais

3.6. Beidh ábhar eolais/cainte ag teastáil le haghaidh ghnáthghnó an Oireachtais ag eascairt ó chás éigeandála, lena n-áirítear Ceisteanna don Taoiseach, Díospóireacht faoi Chúrsaí Ábhartha, Díospóireachtaí Speisialta agus Ceisteanna Parlaiminte.

3.7. Féadfaidh an TRR cabhrú le hOifig CP an Oireachtais maidir leis na CPanna a chur faoi bhráid Ranna ábhartha.

#### Díospóireachtaí an Oireachtais

3.8. Má iarrann an Dáil nó an Seanad díospóireacht faoi éigeandáil leanúnach, ba cheart gach iarracht a dhéanamh cloí leis an iarratas. I gcás roinnt éigeandálaí, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach aird a thabhairt ar na himpleachtaí ó thaobh acmhainní don Treoir-Roinn agus do chéad fhreagróirí a bheadh ag baint le freastal ar dhíospóireacht den sórt sin, agus iad ag déileáil leis an éigeandáil atá ag tarlú freisin.chuig an Aontaíodh ar an bprótacal seo a leanas ag na hAoirí Páirtí le haghaidh cásanna den sórt sin.

#### Prótacal maidir le díospóireachtaí Oireachtais agus éigeandáil ar siúl

Más dóchúil go mbeidh sé deacair don Treoir-Roinn éigeandáil a láimhseáil mar go bhfuiltear ag freastal ar dhíospóireacht Oireachtais, iarrfaidh an tAire TR i gcomhairle le Príomh-Aoire an Rialtais go gcuirfí siar an díospóireacht go mbeidh an éigeandáil atá ar siúl thart. Tabharfaidh an Rialtas neart ama don díospóireacht sin chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

# CUID II:

# CREAT NÁISIÚNTA UM BAI NISTÍOCHT ÉIGEANDÁLA

## CAIBIDIL A CEATHAIR:

## Bainistíocht Riosca;

### Brollach

4.1. Ní féidir riosca a sheachaint sa saol, agus bíonn éifeacht aige ar gach saghas gníomhaíochta daonna gan eisceacht, is cuma faoi theorannacha geografacha ná socheacnamaíocha. Is gnách nach féidir riosca a sheachaint go hiomlán. Tugann Éire aghaidh ag rioscaí ó réimse guaiseacha móra, ar féidir bheith freagrach as go leor básanna, díobhálacha agus dochair in aon imeacht amháin nó i roinnt imeachtaí as a chéile.

4.2. Gné lárnach de bhainistíocht riosca ná dianseasmhacht náisiúnta agus pobail a chothú.

4.3. Déantar athbhreithniú ar an Measúnú Riosca Náisiúnta (MRN) gach trí bliana, i gcomhréir le moltaí an AE. Trí Mheasúnú Náisiúnta Riosca a fhoilsiú méadaítear feasacht an phobail faoi rioscaí, rud a chuireann ar chumas pobal bheith níos dianseasmhaí.

**Sainmhínit he**

4.4. Tá sé tábhachtach na téarmaí a úsáidtear sa bhainistíocht riosca a shainmhíniú go soiléir, agus glactar leis na sainmhínithe seo a leanas sa cháipéis seo:

**Riosca** Meascán de dhóchúlacht imeachta ghuaisigh agus dá tionchar féideartha.

**Guais:** Aon fheiniméin ar féidir díobháil dhíreach a dhéanamh do bhaill den phobal, don timpeallacht nó don bhonneagar fisiceach, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don bhonneagar eacnamaíoch agus sóisialta.

**Tionchar:** Torthaí imeachta ghuaisigh atá ag tarlú i ndáiríre, agus iad léirithe i dtaobh tionchair dhiúltaigh ar leas an duine, ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar leas timpeallacht nó struchtúir na sochaí.

**Dóchúlacht:** Dóchúlacht nó minicíocht, cibé acu is cuí don anailís atá á breithniú.

**Déileáil le Riosca.** Próiseas chun riosca a leasú(ISO 31000). Tugtar 'Maolú Riosca' ar phróisis um dhéileáil le riosca a mbíonn torthaí diúltacha orthu.

### Anailís ar Ghuaiseacha agus Measúnú Riosca

4.5. Is iad anailís ar ghuaiseacha agus measúnú riosca na chéad chéimeanna riachtanacha sa phróiseas chun dúshláin a aithint a d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach don tsochaí aghaidh a thabhairt orthu.

4.6. Tá cur chuige na hÉireann i dtreo riosca i ndáil le héigeandálaí ar leibhéal náisiúnta bunaithe ar an modheolaíocht 'Guaiseacha Uile' atá leagtha amach i dTreoirlíne BSÉ 7: Bainistíocht Riosca Tacaítear leis an modheolaíocht sin ag anailís chainníochtúil áit a bhfuil sonraí ábhartha ar fáil le tacú leis an anailís sin.

4.7. Trí hanailís ag saineolaithe ar fud earnálacha agus disciplíní, seo a leanas a dhéantar agus an íomhá riosca náisiúnta á forbairt:

- Déantar cinnte go gcloítear le ceanglais an Aontais Eorpaigh (AE) lena n-éilítear go bhforbródh Ballstáit straitéis um bainistíocht riosca.
- Cuirtear leis an obair mhór Idirghníomhaireachta atá á déanamh ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach faoi fhorálacha "Creat um Bainistíocht Móréigeandálaí".
- Cuirtear le measúnú cuimsitheach riosca a fhorbairt chomh maith le tuiscint choitianta ar na dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal náisiúnta.
- Cabhraítear le cineálacha éagsúla guaise a chur i gcomparáid lena chéile ó thaobh meoin náisiúnta ar bhonn na gcritéar céanna réamhaontaithe um dhóchúlacht agus thionchar.

- Cuirtear bonn comhaontaithe ar fáil chun tosaíochtaí don bhainistíocht éigeandála a shocrú, a éascaíonn comhordú idir Ranna agus trína ndéantar cinnte go mbaintear amach cothrom cuí beart chun rioscaí a chosc agus/nó a mhaolú.

## An Próiseas don Mheasúnú Náisiúnta Riosca

4.8. Sa mheasúnú riosca baintear úsáid as na critéir um dhóchúlacht agus thionchar atá leagtha amach i dTreoirlíne BSÉ 7: Bainistíocht Riosca

4.9. Cuirtear le chéile na guaiseacha a aithnítear agus déantar iad a shórtáil i gceithre haicmiú riosca:

- Nádúrtha
- Iompar
- Teicneolaíoch
- Sibhialta

4.10. Aithint guaise agus rios déantar an measúnú ar leibhéil chuí agus ar bhonn seicheamhach agus comhordú, comhdhlúthú agus tuairisciú ar siúl trí gach Roinn Rialtais, le hathbhreithniú ar leibhéal náisiúnta. Tugann gach Roinn aird faoi leith ar na rioscaí dá n-ainmníodh mar Threoir-Roinn Rialtais dóibh í in Aguisín 'A' "Róil agus Freagrachtaí Threoir-Ranna Rialtais.

4.11. Ansin tionóltar fócasghrúpaí de shaineolaithe ó na Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha (agus ón tionscal, más gá) agus iad éascaithe ag saineolaithe sa bhainistíocht éigeandála. Déanann na fócasghrúpaí measúnú ar gach ceann de na guaiseacha atá curtha faoi bhráid na Ranna Rialtais le hathbhreithniú (agus iad comhdhlúite go cuí, más gá).

4.12. Agus iad ag baint úsáide as critéir chuí um dhóchúlacht agus thionchar, seo a leanas a dhéanann na fócasghrúpaí:

- Measúnú ar an dóchúlacht go dtiocfaidh an ghuais chun cinn.
- Scrúdú ar thionchar féideartha na nguaiseacha a aithníodh, agus ar leochaileacht pobal áirithe ó thaobh na guaise.

- Cinneadh faoina mhó muiníne is atá acu as gach rátáil tionchair agus dóchúlachta.

4.13. Déantar tionchar a mheasúnú ar bhonn measúnaithe ar an 'gcás ba mheasa réasúnta'. I gcomhréir le ceanglais reachtúla náisiúnta agus le treoir idirnáisiúnta, tugtar aird faoi leith ar:

- tionchar féideartha an athrú aeráide, agus
- nádúr idirnasctha agus idirspleách an bhonneagair ríthábhachtaigh - i.e. an fhíric dá dteipfí ar aon sócmhainn nó aon chóras amháin go bhféadfadh go mbeadh éifeacht aige sin ar fheidhmiú sócmhainní agus córas eile (éifeacht na ndúradán).

Leagtar béim ar an bhfíric go smaoineoidh fócasghrúpaí ar dtús ar dhóchúlacht agus tionchar gach guaise ar bhonn aonair.

4.14. Ansin breactar síos gach guais ar mhaitrís riosca atá sonrach do chatagóir agus baintear úsáid as sin chun Maitrís Riosca Náisiúnta foriomlán a chruthú.

4.15. Trí phróiseas an Mhaitrís Riosca Náisiúnta cuirtear an bonn ar fáil um bainistíocht éifeachtach éigeandála; go háirithe maidir le tosaíochtaí cuí um bearta maolaithe agus/nó pleananna éigeandála a fhorbairt.

4.16. Cuirtear an Measúnú Náisiúnta Riosca, an Mhaitrís Náisiúnta Riosca, i láthair don TFR le glacadh, tógtar chuig an Rialtas é le faomhadh agus foilsítear é mar eolas don phobal. Cuirtear an MRN i láthair don Choimisiún Eorpach freisin.

## Maolú Riosca agus Rialú Riosca

4.17. Is é atá i gceist le maolú mar phróiseas um chóireáil riosca ná dóchúlacht agus/nó tionchar guaise aitheanta a laghdú nó a bhaint. Sa chéim sin den timthriall bainistíochta éigeandála féachtar chuig an ghuais a chóireáil ionas go mbeidh tionchar níos lú aici ar an tsochaí.

4.18. Is minic go mbíonn rialú riosca mar ábhar do cheanglais reachtúla, a chuirtear i bhfeidhm ar údaráis nó Gníomhaireachtaí rialála, agus a bhféachann an TRR ábhartha tharstu.

**An chaoi a bhfuiltear chun an Mhaitrís Náisiúnta Riosca a úsáid**

4.19. Ar gach leibhéal ba cheart tabhairt faoi mheasúnú ar na rioscaí móra atá taifeadta ar an maitrís riosca agus é mar aidhm bearta cuí maolaithe/rialaithe a shocrú. Déanann an comhlacht ábhartha cinntí maidir le bearta maolaithe/rialaithe a chur in ord tosaíochta agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, agus úsáid á baint acu as an maitrís riosca. Déanann gach Treoir-Roinn Rialtais monatóireacht agus tuairisciú inmheánach ar mhaolú i.e. laghdú riosca, agus déantar gach bliain é mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil don Rialtas mar Chathaoirleach an TFR. Ba cheart go mbeadh an próiseas sin mar bhonn eolais um leithdháileadh acmhainní breise más gá ar gach leibhéal suas go cistiú an Rialtais láir.

## Ullmhacht: Dianseasmhacht Náisiúnta

4.20. Tá an Creat Náisiúnta deartha chun dianseasmhacht náisiúnta a chothú agus aghaidh á tabhairt [7] ar éigeandálaí ar leibhéal Rialtais/seirbhíse poiblí, agus ar an mbealach sin cur isteach don tsochaí a mhaolú agus na torthaí optamacha a bhaint amach ón iarracht fhreagartha nuair a tharlaíonn éigeandáil.

4.21. Ní ar an Rialtas amháin, áfach, a bhfuil cúram as dianseasmhacht i gcoinne éigeandálaí a neartú. Tá freagracht ar gach saoránach, teaghlach agus ionad oibre as ullmhú i gcomhair éigeandálaí, tríd na réamhchúraim is cuí a ghlacadh chun torthaí imeachtaí nádúrtha intuartha (agus cosaint a thabhairt orthu áit is cuí), trí dianseasmhacht an teaghlaigh, an phobail agus an ghnó a fheabhsú.

[7] Sainmhínithe mar chumas an Stáit cruachás a sheasamh agus teacht ar ais chuige féin ina dhiaidh.

## Dianseasmhacht Pobail

4.22. Gné an-dearfach den fhreagairt ar éigeandálaí in Éirinn ab ea an mhonatóireacht ar ghaolta agus chomharsana leochaileacha, a d'fhéadfadh nach mbeadh sé chomh héasca dóibh gníomh a ghlacadh. Léiríonn rannpháirtíocht dhearfach an phobail den saghas sin i gcás éigeandála go bhfuil sochaí fholláin, féin chothaithe agus dianseasmhach againn.

4.23. Is é atá i ndianseasmhacht pobail ná cumas marthanach pobail leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun freagairt do dhrochsheansanna, ar nós éigeandálaí, déileáil leo agus ansin teacht ar ais chuige féin ina ndiaidh. Déanann pobail dianseasmhacha cur isteach ar a saol laethúil agus ar ngeilleagair áitiúla de thoradh éigeandála a íoslaghdú. Ní hamháin go mbíonn pobail dianseasmhacha réidh le cabhrú cosc a chur le cailliúint nó dochar do shaol, réadmhaoin agus don timpeallacht, rudaí a fhéadann tarlú de thoradh éigeandála, ach freisin tá sé de chumas acu saoránaigh a fhilleadh ar an obair agus an saol laethúil go tapa, gnóthais a oscailt arís, agus an pobal ina iomlán a chur ar ais mar a bhí. Mar sin ní bheidh pobal dianseasmhacht buailte chomh mór le linn éigeandála agus ina diaidh i gcomparáid le pobal nach bhfuil chomh dianseasmhach.

## Dianseasmhacht an Bhonneagair Ríthábhachtaigh

4.24. Braitheann stát an lae inniu ar bhonneagar casta seirbhísí agus fóntas chun feidhmiú éifeachtach a gheilleagair a éascú chomh maith le saol laethúil a chuid saoránach. Cuimsíonn sé sin, ach níl sé teoranta go raon leathan shócmhainní agus chórais bonneagair ar nós: bóithre, droichid agus iarnróid; stáisiúin chumhachta, agus línte tarchurtha cumhachta; líonraí agus córais teileachumarsáide; ospidéil agus foirgnimh phoiblí eile; poirt agus aerfoirt; ionaid chóireála uisce agus líonraí soláthair TEC. D'fhéadfadh go mbeadh bonneagar fisiceach (e.g. láithreáin, suiteálacha, píosaí trealaimh) nó loighciúil (e.g. líonraí faisnéise, córais).

4.25. Tá cuid mhór den bhonneagar sin idir nasctha agus idirspleách, agus má theiptear ar aon sócmhainn nó aon chóras amháin d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar fheidhmiú leantach sócmhainní agus córas eile.

4.26. Tá an bonneagar náisiúnta curtha i gcatagóirí de naoi n-earnáil, mar atá taispeánta i dTábla 2, agus gach earnáil roinnte i bhfeo-earnálacha.

## Bonneagar Ríthábhachtach

4.27. Laistigh de na hearnálacha/fo-earnálacha, tá sócmhainní nó córais bhonneagair 'chriticiúil' (BC) áirithe, agus dá gcaillfí siúd nó dá gcuirfí isteach orthu d'fhéadfadh go mbeadh tionchar díobhálach ach go háirithe acu ar fháil nó shláinte seirbhísí riachtanacha, a dtarlódh drochthorthaí eacnamaíocha, timpeallachta nó sóisialta, nó cailliúint beatha mar thoradh air.

4.28. I dTreoir 2008/114/CE ón gComhairle déantar Bonneagar Ríthábhachtach a shainmhíniú mar
:

sócmhainní nó córais atá riachtanach chun feidhmeanna sóisialta bunúsacha, sláinte, sábháilteacht, slándáil agus folláine shóisialta na ndaoine a chothabháil agus bheadh tionchar suntasach aige ar Bhallstát dá gcuirfí isteach air nó dá scriosfaí é mar gheall ar mhainneachtain na feidhmeanna sin a chothabháil.'

4.29. Bíonn saoránaigh ag súil go leanfaidh BR ar aghaidh ag feidhmiú, agus má chuirtear isteach air, go gcuirfear ar ais é chomh tapa agus is féidir. Freisin bíonn siúd ag súil go ndéanfar aon chur isteach a láimhseáil, an oiread is féidir, ar bhealach cothrom chun an tionchar ar an tsochaí ina hiomláine, agus ar dhaoine leochaileacha ach go háirithe, a íoslaghdú.

4.30. Ar fud an AE leagtar béim mhór ar dhianseasmhacht BR i mBallstáit agus ar conas a d'fhéadfaí í a fheabhsú. Is é an cuspóir atá i gceist ná leanúntas seirbhíse a dhearbhú tar éis imeachtaí scriosacha, go háirithe áit nach féidir iad siúd a thuar. Freisin tá béim curtha ag an gCoimisiún Eorpach ar an ngá le ríthábhacht sócmhainní aonair CR a mheasúnú, iad a chur in ord tosaíochta agus a chosaint trí rialuithe dóthanacha um bainistíocht riosca/slándáil.

## Dianseasmhacht an Bhonneagair Ríthábhachtaigh a Fheabhsú - Cur Chuige Comhordaithe

4.31. Tá BR déanta suas de shócmhainní a bhfuil an Stát ina úinéir orthu agus a oibríonn sé iad, agus díobh siúd a oibríonn na hearnálacha leathstáit agus príobháideacha, faoi rialú údaráis neamhspleách rialála de ghnáth. Is ar an úinéir nó an oibreoir a bhfuil freagracht go príomha as sócmhainn CR a chosaint.

## Freagracht an Rialtais

4.32. Tá an Rialtas freagrach as ceannaireacht a chur ar fáil i rith éigeandála. Freisin tá an Rialtas freagrach as bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le BR níos sábháilte, níos sláinte agus níos dianseasmhaí. Leagann sé sin dualgas ar Ranna Rialtais as naisc a chothú agus oibriú i ndlúthpháirt leis na hearnálacha leathstáit agus príobháideacha, agus é ag díriú ar bhonneagar ríthábhachtach a chosaint ó bhagairtí éagsúla. Ar leibhéal náisiúnta, oibríonn Ranna Rialtais i ndlúthpháirt le húinéirí CR faoina gcoimirce, chun an toradh is fearr agus is féidir a chinntiú, i gcás go dtarlódh éigeandáil.

**Tábla 2: Earnálacha agus Fo-earnálacha Bonneagair Náisiúnta**

| Earnáil | Fo-earnáil | TRR |
|---|---|---|
| Fuinneamh | Leictreachas | RCGAC |
| | Gás | RCGAC |
| | Ola | RCGAC |
| Bia agus Uisce | Soláthar Bia | RTBM |
| | Uisce<br>*(Soláthairtí agus fuíolluisce lena n-áirítear an córas séarachais.)* | RTPRÁ |
| TFC | Teileachumarsáid | RCGAC |
| | Teicneolaíochtaí na Faisnéise | RCGAC |
| | Na Meáin Chumarsáide | RCGAC |
| Airgeadas<br>Seirbhísí Airgeadais | Baincéireacht (seachadadh íocaíochtaí san áireamh) | RA |
| | Árachas | RA |
| | Córas Íocaíochtaí Leasa | DEASP |
| Iompar | Eitlíocht | DTTS |
| | Bóithre | DTTS |
| | Iarnród | DTTS |
| | Muirí & Poirt | DTTS,<br>RTBM |
| Sláinte | Ospidéil | RS |
| | Saotharlanna | RS<br>RTBM |
| Riarachán Poiblí | Rialtas | RI |
| | Rialtas Láir agus Áitiúil | Go Léir |
| | An Córas Dlí agus Cirt | RDCC |
| | Na Coimisinéirí Ioncaim agus Custam | Ioncam |
| | Maoin Chultúrtha | DCHG<br>OPW |
| | Ionadaíochtaí Taidhleoireachta agus CCanna Idirnáisiúnta | RGET |
| Slándáil Náisiúnta, Póilíneacht agus Bonneagar Sábháilteachta Poiblí | An Garda Síochána | RDCC |
| | Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála | RTPRÁ |
| | An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna | RS |
| | Gardaí Cósta na hÉireann | DTTS |
| | Seirbhís Príosún na hÉireann | RDCC |
| | Óglaigh na hÉireann | RC |
| | Cosaint Shibhialta | RC |
| Tionsclaíocht | Tionscail Ghuaiseacha<br>*(Cógaisíocht, ceimiceáin etc)* | RTPRÁ<br>RGFN |
| | Tionscail Talmhaíochta/Mhara *(Feirmeoireacht/Iascaigh)* | RTBM |
| | Tionscail Déantúsaíochta agus Phróiseála | RGFN |
| | Diúscairt Dramhaíola Tionsclaíche agus Tí | RTPRÁ |
| | Slabhraí soláthair lóistíochta | Go Léir |

### An Foghrúpa ar Bhonneagar Ríthábhachtach de chuid Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála

4.33. Maidir le bearta a aithint chun dianseasmhacht BR a fheabhsú is é Foghrúpa de chuid an TRF a thabharfaidh faoin gcúram sin; beidh an Foghrúpa déanta suas de na TRRanna nó Gníomhaireachtaí ábhartha agus úinéirí nó oibreoirí BR ag glacadh páirte ann mar is cuí.

4.34. Oibreoidh an Foghrúpa CR freisin i gcomhairle leis na Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha um Bainistíocht Móréigeandálaí, a bunaíodh faoin gCreat um Bainistíocht Móréigeandálaí.

4.35. Chun dianseasmhacht BR a fheabhsú tá gá le tuiscint níos fearr ar bhonneagar ríthábhachtach go ginearálta, lena n-áirítear na hidirspleáchais idir na sócmhainní éagsúla, ar minic go mbraitheann siad ar a chéile agus a mbíonn siad go léir buailte má théann cúrsaí amú.

4.36. Beidh obair an Fhoghrúpa BR treoraithe ag Treoirlínte BSÉ 3: Bonneagar Ríthábhachtach.

## CAIBIDIL A CÚIG:

## Pleanáil agus Ullmhacht

### Forbhreat hnú

5.1. Sa chéim Pleanála agus Ullmhachta i mbainistíocht éigeandála cuirtear síos ar raon de ghníomhaíocht ó phleananna agus treoir chaighdeánach oibriúcháin a ullmhú agus áiseanna a chur i bhfeidhm nó trealamh a fháil, go hoiliúint a chur ar bhaill foirne agus cleachtaí a reáchtáil.

5.2. Ba cheart go mbeadh Plean ilchineálach um bainistíocht éigeandála i bhfeidhm ag gach TRR ina leagtar amach na socruithe a chuirfidh sé i bhfeidhm mar fhreagairt ar choinníollacha spreagtha áirithe. Tá Pleananna Ilchineálacha Éigeandála (PIÉnna) na TRRanna bunaithe ar theimpléad coitianta mar sin; is cuma faoin Roinn atá i gceist, cuirfear go leor de na gnéithe freagartha i bhfeidhm agus tabharfar fúthu agus cur chuige 'ilchineálacha' á ghlacadh.

5.3. I dteannta leis na PIÉnna, ba cheart do gach TRR Pleananna 'Sonrach do Chás' (PSCnna) a cheapadh, a bhaineann le gach saghas éigeandála a bhfuil sí freagrach aisti. Ba cheart a shonrú iontu conas a bhaintear amach comhordú le linn gach céime den Timthriall Cúig Chéime um Bainistíocht Éigeandála.

### Ullmhú Córasach ag gach Roinn nó Gníomhaireacht

5.4. Is gnách go mbeidh gá leis na socruithe agus na hullmhúcháin chórasacha seo a leanas chun Roinn a ullmhú le gur féidir léi a cuid feidhmeanna bainistíochta éigeandála a chomhlíonadh go héifeachtúil.

- Ba cheart do gach TRR smaoineamh faoi Ghrúpa Bainistíochta Éigeandála (GBÉ) a bhunú. Is grúpa inmheánach um bainistíocht ar leibhéal straitéiseach é GBÉ ar cheart teacht le chéile le linn éigeandála chun:
  - freagairt fhoriomlán na Roinne ar an staid a bhainistiú, a rialú agus a chomhordú;

- déanamh cinnte go bhfuil an fheidhm comhordaithe inmheánaigh ag oibriú i gceart;
- áit is cuí, tacaíocht a thabhairt don GNCÉ agus acmhainní a chur i ngníomh mar is cuí chun tacú leis na cúraim chomhordaithe agus fhreagartha;
- idirchaidreamh a dhéanamh leis na Ranna/Gníomhaireachtaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha.

- Ba cheart do gach TRR freagracht a shannadh ar roinn/aonad cuí laistigh dá struchtúr eagraíochta chun tabhairt faoina cuid ról éigeandála. Ceann de chúraim an aonaid seo ná rannóga inmheánacha den TRR a bhfuil gá leo bheith rannpháirteach a chomhordú.
- Struchtúir agus socruithe chun tacú leis an nasc idir feidhm bainistíochta éigeandála na Roinne agus socruithe oibre i Ranna, agus comhordú feidhmeanna sonracha curtha leis de réir mar is gá.

## Socruithe Praiticiúla

5.5. Moltar na socruithe praiticiúla seo a leanas:

- Ba cheart áit oiriúnach a aithint mar Oifig bainistíochta éigeandála i[8] ngach Roinn. Féadfaidh TRR cinneadh áit bhuan a shannadh dá hOifig bainistíochta éigeandála. Ba cheart na socruithe TFC is gá a dhéanamh roimh ré.
- Maidir le hoifigigh atá sannta chun na feidhmeanna bainistíochta éigeandála a chomhlíonadh (ar nós Chathaoirleach an GCNÉ) ba cheart oiliúint a chur orthu agus cleachtadh a thabhairt dóibh maidir lena gcuid ról bainistíochta éigeandála agus áiseanna teicniúla eile a úsáidtear sa GCNÉ.

---

Tá cead ag Ranna ainm cuí a thabhairt dá n-Oifig bainistíochta éigeandála.

- Ba cheart oiliúint a chur ar dhóthain ball foirne chun gur féidir leo déileáil le tréimhse fhada de ghníomhaíocht bainteach le héigeandáil. Ba cheart oiliúint a chur ar bhaill foirne 'malartacha' oiriúnacha freisin, i gcás nach mbeadh na daoine roghnaithe ar fáil nuair a tharlódh éigeandáil.
- Ba cheart liostaí teagmhála a choimeád de phríomhoifigigh in áit ar leithligh ó na pleananna éigeandála iarbhír, chun críocha cosaint sonraí agus chun foilsiú pleananna a cheadú (más cuí).

Ba cheart sonraí teagmhála a nuashonrú ar bhonn leanúnach, chun gluaiseachtaí agus scoir a thógáil san áireamh.

## Pleanáil agus Ullmhacht - na Gnéithe Bunúsacha

### Pleananna agus Pleanáil

5.6. Tá pleanáil bunaithe ar chur chuige Guaiseacha Uile, rud a chiallaíonn, is cuma faoi nádúr éigeandála, go bhfuil cúraim agus gníomhaíochtaí áirithe ann nach mór a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh na feidhmeanna ilchineálacha sin ina gcuid de phróiseas pleanála ar bith:

- Breathnú ar a bhfuil Romhainn
- Próiseas chur i ngníomh, cur i ngníomh
- agus Oibriú ginearálta an Oifig bainistíochta éigeandála
- Cur i ngníomh an GCNÉ nuair is gá.
- Bainistíocht Faisnéise
- Cinnteoireacht chomhordaithe
- Tacaíocht fhreagartha
- Athbhreithniú

5.7. Ba cheart go mbeadh na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm ag Roinn:

- Pleananna Ilchineálacha Éigeandála (PIÉnna)
- Pleananna Sonrach do Chás (PSCanna)
- Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (NICOnna), nósanna imeachta agus próisis a leagan amach chun na pleananna a chur i bhfeidhm

Ba cheart cur síos i ngach plean ar conas a dhéileálfaidh an Roinn le hábhair a thiocfaidh chun cinn le linn gach céime den timthriall bainistíochta éigeandála (Féach Fíor 1, leathanach 2).

5.8. Ní mór go mbeadh pleananna cuimsitheach, réalaíoch agus daingean. Nuair a bheidh siad críochnaithe, ba cheart déileáil le pleananna leis an rúndacht is cuí, go háirithe má tá tionchar ar bith acu ar shlándáil náisiúnta.

5.9. Ní mór pleananna a thriail chun déanamh cinnte go bhfuil siad oiriúnach don chuspóir - is féidir pleananna a thriail trí chruinnithe boird, athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha agus cleachtaí beo ionsamhlaithe.

5.10. Ní mór pleananna a athbhreithniú agus a athrú ar bhonn rioscaí a thagann chun cinn agus mar thoradh ar rioscaí arna n-aithint le linn cleachtaí agus éigeandálaí.

5.11. Ba cheart pleananna a athbhreithniú ag eatraimh rialta, chun smaoineamh faoi aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun cuspóirí a phleanáil nó boinn tuisceana a phleanáil bunaithe ar athruithe ar an timpeallacht riosca. Ba cheart pleananna a athbhreithniú mar ghnáthrud tar éis cleachtaidh, éigeandála nó tar éis athruithe struchtúracha ar Roinn nó ar an timpeallacht oibriúcháin.

Tá tuilleadh treorach maidir le pleanáil curtha ar fáil i dTreoirlíne BSÉ 6: Pleanáil agus Cleachtadh

## Céimeanna Ullmhachta

5.12. Chun acmhainn bainistíochta éigeandála a fhorbairt, tá gá le sraith de chéimeanna i seichimh, agus iad curtha in oiriúint do riachtanais Ranna aonair. Is gnách, áfach, go gcuimsíonn siad na gnéithe seo a leanas:

- Plé le Bord Bainistíochta na Roinne agus tacaíocht uathu,
- Cuirtear baill foirne ábhartha na Roinne ar an eolas faoi PIÉ na Roinne agus faoi aon róil sonracha a d'fhéadfadh a bheith acu.
- Aithnítear agus cuirtear i bhfeidhm na háiseanna agus na hacmhainní is gá chun tacú le feidhmeanna éigeandála.
- Cuirtear oiliúint chuí, éifeachtach agus réalaíoch ar na baill foirne ábhartha.

- Cleachtaí a stiúradh ar gnách go n-éiríonn siad níos mó diaidh ar ndiaidh chun deis a thabhairt praiticiúlacht socruithe éigeandála a shocrú.
- Socruithe léirithe sna PIÉnna agus PSCanna á n-athbhreithniú agus á leasú i bhfianaise faisnéise agus aiseolais ó chéimeanna ullmhachta.

**Measúnú agus Bailíochtú na gCéimeanna Ullmhachta**

5.13. Ba cheart do Ranna a gcuid socruithe a mheasúnú agus a bhailíochtú ar bhonn leanúnach. Ba cheart lánúsáid a bhaint as uirlisí ábhartha um measúnú agus bailíochtú seachtrach atá ar fáil sa tseirbhís phoiblí, piarmheasúnú idirnáisiúnta san áireamh.

## Ullmhacht le haghaidh Ranna agus Gníomhaireachtaí Tacaíochta

5.14. Chomh maith leis na TRRanna, tá róil lárnacha le glacadh ag go leor Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile chun tacú leis an bhfeidhm bainistíochta éigeandála. D'fhéadfadh go mbeadh sé sin i gceist ag ceann amháin (nó gach ceann) de chúig chéim thimthriall na bainistíochta éigeandála.

5.15. I dteannta lena cuid freagrachtaí féin mar TRR, d'fhéadfadh go mbeadh róil tacaíochta breise le haghaidh Ranna eile ag TRR.

5.16. Ceann de phríomhchúraim an TRR ná na Ranna agus Gníomhaireachtaí Tacaíochta Rialtais a aithint le haghaidh gach cineál éigeandála, é sin a léiriú sa PSC a bhfuil tagairt dó thuas agus an Roinn nó Gníomhaireacht tacaíochta a chur ar an eolas faoi na hionchais a thagann chun cinn ón PSC.

5.17. Áit a dtagann aon saincheist chun cinn maidir leis an Roinn nó Gníomhaireacht Tacaíochta ábhartha a ardú ag an TRR ag an TFR, le gur féidir cinneadh a dhéanamh ina leith.

5.18. Ullmhaíonn gach Roinn Tacaíochta Plean Ról Tacaíochta um Bainistíocht Éigeandála (PRTBÉ). Ba cheart a leagan amach ansin cén ról a dtugtar tacaíocht dóibh agus conas a dhéileálfaidh an Roinn leo. Cosúil le pleananna éigeandála na TRRanna, is féidir leo siúd bheith ilchineálacha nó sonrach.

5.19. Ar an gcaoi chéanna, braitheann bainistíocht éigeandála ar raon Gníomhaireachtaí a bhfuil príomhróil tacaíochta acu ar fud chéimeanna na bainistíochta éigeandála. Tá na Gníomhaireachtaí tacaíochta aitheanta i PSCanna na dTreoir-Ranna Rialtais. Ullmhaíonn gach Gníomhaireacht a bhfuil ról tacaíochta aitheanta acu PRTBÉ, cosúil leis an Rannóg Tacaíochta.

# CAIBIDIL A SÉ

## Freagairt Éigeandála ar Leibhéal Náisiúnta a Chomhordú

### Brollach

6.1. Sa chaibidil seo leagtar amach na cúinsí ginearálta ar a bhféadfadh go mbeadh gá le freagairt ar leibhéal náisiúnta ar éigeandálaí, agus cuirtear síos ar róil agus fheidhmeanna an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (GCNÉ). Leagtar amach ann freagrachtaí an TRR, róil agus caidrimh oibre na Ranna agus Gníomhaireachtaí eile a theastaíonn chun cur leis an bhfreagairt náisiúnta.

6.2. Tá tuilleadh treorach sonraí maidir le cruinniú den GNCÉ a thionól le fáil sna Treoirlínte um Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála, BSÉ 1 “An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí”. Is príomhcháipéis thagartha í sin do gach Roinn agus Gníomhaireacht.

### Feasacht faoi Staid agus Monatóireacht Staide

6.3. Ba cheart do Ranna, ar bhonn leanúnach, monatóireacht a dhéanamh ar imeachtaí ina gcuid réimsí inniúlachta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Ba cheart go mbeadh naisc leanúnacha le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le dlínsí eile. Éascóidh forbairt dea-chaidreamh oibre le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus Ranna agus Gníomhaireachtaí tacaíochta náisiúnta freagairt éifeachtúil i rith éigeandálaí.

#### Breathnú ar a bhfuil Romhainn

6.4. Déantar “breathnú ar a bhfuil romhainn” a shainmhíniú mar “do chuid féin a dhéanamh d’fhaisnéis, agus é mar aidhm treochtaí nó imeachtaí sa todhchaí a thuar”. Is é an cuspóir atá i gceist ná ullmhúcháin a cheadú le haghaidh imeachtaí féideartha sa todhchaí nó athruithe féideartha ar thimpeallachtaí sa todhchaí.

#### Feasacht faoi Staid

6.5. Is é atá i bhFeasacht faoi Staid ná an cumas na gnéithe ríthábhachtacha d’fhaisnéis a aithint, a phróiseáil, agus a thuiscint chun cinnteoireacht thráthúil a éascú. Cuirfidh deafheasacht faoi staid ar chumas an TRR cinneadh tráthúil a dhéanamh faoi GNCÉ a thionól, agus tá sé riachtanach um chomhordú agus chinnteoireacht éifeachtach.

### Éigeandálaí a d’fhéadfadh Comhordú/Idirghabháil ar Leibhéal Náisiúnta a Spreagadh

6.6. I gcás na n-éigeandálaí seo a leanas d’fhéadfadh go mbeadh gá le comhordú/idirghabháil náisiúnta agus freisin is cúiseanna táscacha iad le cruinniú GNCÉ a thionól.

- Éigeandáil a chuireann sábháilteacht nó sláinte an phobail i mbaol, nó a chuireann feidhmiú sóisialta agus eacnamaíoch i mbaol, a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhonneagar, réadmhaoin nó don timpeallacht, agus atá ar scála a dteastaíonn freagairt Ilghníomhaireachta chomhordaithe ar leibhéal náisiúnta lena haghaidh. [9]
- Éigeandáil áit ar gá áiseanna comhordaithe Roinne a chur i ngníomh i gcomhréir le forálacha an Chreata um Bainistíocht Móréigeandálaí
- Áit a bhfuil gá le hiarracht fhreagartha a chomhordú ar leibhéal náisiúnta ar mhaith le leas an phobail
- Áit a measann an Rialtas nach mór an fhreagairt a ardú go leibhéal náisiúnta.

[9] Is gnách go mbeidh gá le comhordú náisiúnta i gcás éigeandála a bhfuil díghrádú nó dochar mór déanta aige do chumas freagartha áitiúil agus réigiúnach Príomhsheirbhíse Éigeandála (PSÉ) nó Príomhghníomhaireacht Fhreagartha (PGF).

- Áit a bhfuil gá le tacaíocht náisiúnta (d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh idirnáisiúnta san áireamh) ó fhoinsí atá lasmuigh de shainchúram na Treoir-Roinne agus/nó na bPríomhghníomhaireachtaí freagartha.
- Ar chúinsí áirithe áit a bhfuil cúnamh idirnáisiúnta iarrtha ag dlínse eile mar fhreagairt d'éigeandáil.
- Áit a bhfuiltear ag súil le héigeandáil nó a bhfuil sé tuartha, agus go bhfuil TRR den tuairim go bhfuil an t-ábhar tromchúiseach go leor go bhfuil comhordú náisiúnta ag teastáil.
- Cúinsí eile, a d'fhéadfadh go n-aithneodh an TRR iad.
- Áit a bhfuil gá le tacaíocht ó fhoinsí eile atá lasmuigh de shainchúram an TRR nó na bPríomhghníomhaireachtaí freagartha.
- I gcás éigeandála a thiocfadh chun cinn de thoradh imeachta lasmuigh den tír d'fhéadfadh go mbeadh gá le freagairt tosaigh ar leibhéal náisiúnta, agus riachtanas féideartha ann chun freagracht as freagairt a scaipeadh síos chuig na PGFanna.

## An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí

6.7. Is é an GCNÉ an struchtúr náisiúnta atá curtha i bhfeidhm chun comhordú a dhéanamh, agus an tacaíocht chomh maith leis an gcomhairle is gá a fháil ó na Ranna agus Gníomhaireachtaí aitheanta i gcás éigeandála bagartha nó leanúnaí. Tá an GCNÉ déanta suas de bhaill den TFR. Tionólann an OPÉ an GCNÉ thar ceann an TRR ábhartha, agus tá socruithe i bhfeidhm chun cruinniú ag an nGrúpa a éascú laistigh d'amfhráma air an chloig.

### An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a Thionól

6.8. Níor cheart go mbeadh drogall ar bith ar TRR GCNÉ a thionól i gcás éigeandálaí leanúnaí nó bagartha atá tromchúiseach ar bhonn náisiúnta.

### Freastal ar an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí

6.9 Freastalóidh gach ball den TFR ar chruinniú tosaigh den GCNÉ, ba cheart go ndéanfadh oifigeach sinsearach ionadaíocht ar Ranna, go dtabharfaí dóthain eolais dóibh agus go mbeadh sé ar chumas acu gnáthchinntí a ghlacadh thar ceann na Roinne. Bítear ag súil go gcuirfeadh ionadaithe GCNÉ ar bhealach eolach leis an bplé, agus is féidir leo dul i gcomhairle lena gcuid Ranna má theastaíonn. Tar éis an chéad chruinnithe, féadfar baill nach bhfuil aon fheidhm acu ó thaobh déileáil leis an éigeandáil a bhfuil béim uirthi a ligean saor ó chruinnithe, agus féadfar iad a ghairm ar ais más gá de réir mar a fhorbróidh an cás.

### Cinnteoireacht ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí

6.10. Is é príomhról an GCNÉ ná freagairt "Rialtais uile" ar an staid a chomhordú. Cuimsíonn sé sin fadhbanna, treochtaí nó patrúin a shocrú a d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach aghaidh a thabhairt orthu áit eile, tuairimí saineolaithe a mheas agus tosaíochtaí náisiúnta a cheapadh agus aontú orthu. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go ngníomhódh an GCNÉ mar fhóram cinnteoireachta:

- Níl cead ag an GCNÉ aon chinneadh a ghlacadh atá dílsithe ag reacht in Aire/i Roinn/Gníomhaireacht nó in údarás ar bith eile.
- Agus cinntí á ndéanamh, beidh an GCNÉ treoraithe ag comhairle ó shaineolaithe ábhartha.
- Áit is gá, féadfaidh an Cathaoirleach sainordú a thabhairt d'Fhoghrúpa cuí den GCNÉ chun saincheist shonrach a mheasc agus bearta a fhorbairt le gur féidir a GCNÉ iad a mheas.
- Déanfaidh Cathaoirleach an GCNÉ cinnte go ndéanfar cinntí cuí ar bhealach tráthúil. Agus an grúpa ag teacht ar chinneadh, déanfaidh an

Cathaoirleach iarracht comhaontú a bhaint amach idir na baill den GCNÉ atá i láthair. Áit a bhfuil easaontas mór faoi shaincheist, féadfaidh an Cathaoirleach, más leor an t-am , teacht ar chonclúid a chur siar. Más cosúil nach mór cinneadh práinneach a dhéanamh faoi shaincheist, tar éis éisteacht le tuairimí na mball den GCNÉ

tá sainordú ag an gCathaoirleach iarratais ar chinntí den sórt sin a chur faoi bhráid na n-Airí cuí nó an Rialtais, agus iad ag tógáil san áireamh aon nósanna imeachta nó srianta reachtúla, le haghaidh cinnidh ar an bpointe (trí chinneadh neamhchorpartha, más gá sin).

- Coimeádfaidh an TRR taifead de na príomhchinntí arna ndéanamh ag GCNÉ.

### Cinntí an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a Chur i bhFeidhm

6.11. Tá Ranna agus Gníomhaireachtaí aonair freagrach as cinntí an GCNÉ a chur i bhfeidhm ina gcuid earnálacha agus réimsí freagrachta féin. Ceann de phríomhróil ionadaí an GCNÉ ná a Roinn/Gníomhaireacht féin a chur ar an eolas faoi chinntí arna ndéanamh ag an GCNÉ, agus tuairisc a thabhairt ar chur i bhfeidhm.

6.12. Féadfaidh Cathaoirleach an GCNÉ fochoistí a bhunú chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an chur i bhfeidhm.

## Comhordú agus Treoir ar Leibhéal Náisiúnta

6.13. Agus úsáid á baint as na struchtúir náisiúnta, tugann TRR, agus tacaíocht aici ó na Ranna agus Gníomhaireachtaí Tacaíochta ábhartha, an treoir riachtanach agus déanann sí comhordú éifeachtach.

### Comhordú éifeachtach a bhaint amach

6.14. Chun go mbeadh sé éifeachtach, ní mór an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as acmhainní na n-eagraíochtaí atá i gceist agus comhordú á dhéanamh. Is iad na fachtóirí ríthábhachtacha maidir leis an méid sin a bhaint amach ná:

- comhordú a mheas mar chúram a théann i méid diaidh ar ndiaidh, de réir mar a théann scála agus castacht na héigeandála i méid;
- na rannpháirtithe go léir is gá a thógáil le chéile, de réir mar is gá, lena n-áirítear gníomhairí polaitiúla, Ranna Rialtais agus seirbhísí poiblí, Príomhghníomhaireachtaí freagartha, Gníomhaireachtaí agus comhairleoirí speisialta,

comhairleoirí ó na meáin etc. chun déanamh cinnte go bpléitear go hiomlán leis an bhfreagairt ar an éigeandáil;

- áiseanna cumarsáide cuí réamhbhunaithe, dianseasmhacha a bheith ar fáil chun nascadh ar leibhéal náisiúnta le hionaid chomhordaithe ábhartha eile a cheadú;
- na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí sa chomhordú a shainiú;
- idirchaidreamh ar leibhéal náisiúnta a chomhordú idir eolas poiblí agus na meáin;
- úsáid a bhaint as Foghrúpaí cuí chun saincheisteanna sonracha a láimhseáil;
- teacht ar shainchomhairle a shocrú.

**Athbhreithniú**

6.15. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh i gcónaí tar éis go gcríochnaítear freagairt GCNÉ ar éigeandáil (fiú má mheastar gur éirigh leis an bhfreagairt). Seo a leanas ar cheart a dhéanamh san athbhreithniú seo, a dhéanfaidh an TRR cathaoirleacht air:

- Ceachtanna a foghlaimíodh a aithint;
- Aon athruithe a mholadh a bhfuil gá leo chun an fhreagairt sa todhchaí a fheabhsú.

6.16. Tabharfar an t-athbhreithniú seo chuig an TFR, áit a dtabharfar chun críche moltaí a mbíonn tionchar acu ar Ranna Rialtais eile nó a bhaineann le Comhordú Náisiúnta.

6.17. D'fhéadfadh go gcuirfí moill leis an athbhreithniú GCNÉ mar gheall ar aon imscrúduithe reachtúla nó coiriúla, ar cheart tús áite a thabhairt dóibh agus a thógfaidh a seal féin. Ba cheart aire a thabhairt gan cur isteach ar imscrúduithe den sórt sin, mar shampla trí chur isteach ar láthair imeachta nó agallamh a chur ar fhinnéithe roimh am.

6.18. Nuair is féidir dul ar aghaidh leis an athbhreithniú GCNÉ, d'fhéadfadh go bhfaighfí go leor eolais úsáidigh ó na tuairiscí ar na himscrúduithe reachtúla ábhartha.

## CAIBIDIL A SEACHT:

## Téarnamh

### Brollach

7.1. Is féidir le héigeandálaí agus tubaistí dochar a dhéanamh do phobail ar go leor bealaí. Chomh maith le dul i bhfeidhm ar dhaoine trí bhás, dhíobháil agus scrios réadmhaoine, is féidir leo freisin dul i bhfeidhm ar fheidhmiú an gheilleagair, ar shláinte, ar an gcreatlach sóisialta agus ar bhonneagar pobail. D'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht ar feadh tréimhsí fada a fhulaingíonn méala, díobháil nó caillteanas mór.

7.2. Is é atá i gceist le téarnamh ná pobal atá buailte ag éigeandáil a athshlánú is a athchóiriú. Cuimsíonn sé bearta gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha agus béim curtha ar ghnáthfheidhmiú a thógáil ar ais an oiread is féidir, agus aird tugtha ar na ceachtanna a foghlaimíodh.

7.3. D'fhéadfadh go mbeadh gá ag pobail atá buailte ag éigeandálaí le tacaíocht ó raon leathan foinsí chun gnáthfheidhmiú a thógáil ar ais. Is próiseas casta é sin ina dteastaíonn comhordú faoi raon saincheisteanna a bhfuil ina measc:

- Tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht shíceashóisialta do dhaoine atá buailte go díreach.
- Soláthar cóiríochta sealadaí agus deisiú tithe.
- Glanadh, baint smionagair.
- Bonneagar ríthábhachtach agus seirbhísí riachtanacha a thógáil ar ais.
- Tacú le hearnálacha atá buailte ach go háirithe e.g. gnó/talmhaíocht etc.
- Dianseasmhacht pobail a neartú.

### Aistriú chuig Téarnamh

7.4. Is gnách go dtosaíonn téarnamh le linn na céime freagartha d'éigeandáil agus an TRR don chéim freagartha ag cur túis le bearta um théarnamh láithreach. Sula lánscoirtear an GCNÉ, ní mór socruithe a chur i bhfeidhm chun aistriú réidh ón gcéim freagartha den éigeandáil chuig an gcéim téarnaimh a chinntiú.

7.5. Áit is cuí, beidh an TRR don chéim freagartha i gceannas ar an gcéim téarnaimh freisin. Áit nach bhfuil an chuid is mó den obair a bhaineann le téarnamh faoi chúram an TRR don chéim freagartha, áfach, d'fhéadfadh go molfadh sí don GCNÉ, go dtabharfadh Roinn nó Gníomhaireacht eile faoin ról treorach sa chéim téarnaimh. Ba cheart teacht ar chomhaontú ag an GCNÉ maidir leis an TRR don chéim téarnaimh sula lánscoirfí é.

### Ról an Treoir-Roinn Rialtais i dTéarnamh

### Roinn

7.6. Is é atá i gceist le téarnamh ná comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí agus phróisis ar leibhéal náisiúnta a úsáidtear chun pobail atá buailte ag éigeandáil a athshlánú agus a athchóiriú. Beidh gach Roinn agus Gníomhaireachta (an TRR um théarnamh san áireamh) freagrach as cinntí faoi théarnamh a thagann laistigh dá réimse freagrachta. Trí maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt uileghabhálach déanfar cinnte go gcuirfear iarrachtaí téarnaimh, leithdháiltí maoinithe san áireamh, in ord tosaíochta is gcomhréir leis an riachtanas is mó. Sa chomhthéacs sin, is é ról an TRR um théarnamh ná:

- Eolas a chur le chéile ó gach Roinn agus Gníomhaireacht maidir le:
    - Scála na n-iarrachtaí téarnaimh a theastaíonn, costas measta deisiúchán san áireamh;
    - Na tosaíochtaí mar atá aitheanta ag gach Roinn/Gníomhaireacht;
    - Na tosaíochtaí maoinithe atá aitheanta ag gach Roinn/Gníomhaireacht;
    - Aon fhaisnéis ábhartha eile a theastaíonn chun bonn eolais a chur faoi chinntí an Rialtais.

- Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil don Rialtas i dtuairisc ón TRR le haghaidh téarnaimh, chun aon chinntí Rialtais atá riachtanach a éascú.
- Leagfaidh an TRR don chéim téarnaimh béim freisin ar aon saincheisteanna móra atá ar siúl maidir leis an téarnamh ag cruinnithe rialta den TFR.

7.7. Féadfaidh an TRR um théarnamh Grúpa Trasrannach um Théarnamh (cosúil le GCNÉ) a bhunú agus cúram a leagan ar bhaill as faisnéis a aimsiú agus cúnamh a chur ar fáil leis na tuairiscí sin a chur le chéile.

7.8. Ceann de na céad chúraimí bainteach le téarnamh a bheidh le comhlíonadh ag an TRR um théarnamh ná costas na héigeandála don gheilleagar a oibriú amach. Ní mór go mbeadh meastachán tosaigh de na costais sin ar fáil ionas gur féidir iarratais ar chúnamh a dhéanamh laistigh den amfhráma cuí (féach cuid 7.12 thíos). Is iad na Ranna nó Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha a thagann ar mheastachán de na costais sin. Forbróidh an TFR modheolaíocht chaighdeánach chun costas éigeandálaí don gheilleagar a oibriú amach, más cuí sin.

## Buiséadú agus Maoiniú i gcomhair Práinnfhreagartha agus Téarnaimh

7.9. Tá rialacha airgeadais agus caiteachais na hÉireann ina gceangal dlí ó thaobh caiteachas foriomlán an Rialtais a shocrú chomh maith le teorainneacha aonair Aire. Sna meastacháin bhliantúla ar chaiteachas leagtar amach tograí sonracha caiteachais don bhliain atá le teacht agus ní mór nach sáródh siad na teorainneacha don bhliain sin. Is féidir le soláthar cistí um freagairt ar éigeandálaí gan choinne agus téarnamh ina diaidh bheith deacair do na Ranna agus Gníomhaireachtaí freagartha.

7.10. Is gnách go mbíonn riachtanais chaiteachais um éigeandáil déanta suas de roinnt gnéithe sainiúla:

- Caiteachas láithreach lena n-áirítear caiteachas um oibreacha deisiúcháin riachtanacha (caiteachas reatha agus/nó caiteachas caipitil).
- Tionscadail fhadtéarmacha um dheisiú bonneagair (caipiteal).
- Cúnamh nó cabhair fhadtéarmach (reatha).
- Bearta fadtéarmacha breise ar scála mór um dhianseasmhacht (caipiteal).

7.11. Áit ar léir go sáróidh costais ag eascairt ó imeacht shonrach éigeandála gnáthbhuiséad bliantúil na Ranna maoinithe, cuirfidh Roinn, tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tsaincheist faoi bhráid an Rialtais le réiteach. Áit a bhfuil roinnt Ranna i gceist ansin, féadfaidh an TRR don chéim fhreagartha Foghrúpa maoinithe den GCNÉ a thionól chun riachtanais láithreacha bhreise um maoiniú de chuid an Rialtais go léir a aithint. Ba cheart do gach Roinn a gcuid riachtanas breise láithreach um maoiniú a chur faoi bhráid an Rialtais le réiteach.

7.12. Déanfar tograí um maoiniú a bhaineann le héilimh fhadtéarmacha bhreise ar chaiteachas, tionscadail mhóra infheistíochta caipitil chun bonneagar reatha a athchóiriú/a athshlánú nó dianseasmhacht bhreise a chur ar fáil, a mheas ag an Roinn maoinithe áirithe i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus aird á tabhairt ar threoir an Rialtais maidir le tosaíochtaí.

7.13. Dá mbunófaí lárchiste teagmhasachta le haghaidh éigeandálaí d’fhéadfaí níos mó cinnteachta a chur ar fáil do Ranna agus Ghníomhaireachtaí agus práinnfhreagairt chomh maith le téarnamh á mhaoiniú. Sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta (2016) tá gealltanas chun cúlchiste teagmhasachta a bhunú, ar a dtabharfaí ciste “na coise tinne”. Tá módúlachtaí oibriúcháin an chiste seo á bhforbairt.

7.14. Is féidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh cúnamh airgeadais a chur ar fáil má sháraíonn dochar díreach iomlán de thoradh tubaiste €3 bhilliún nó 0.6% d'ollioncam náisiúnta na tíre, cibé acu is ísle. Cé gur ar thubaistí móra a leagtar an bhéim is mó, tá cabhair ar fáil freisin do thubaistí réigiúnacha níos teoranta, dá bhfuil an tairseach incháilitheachta comhionann le 1.5% d'olltáirge intíre an réigiúin, nó 1% do réigiún is forimeallaí. Ní mór iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún Eorpach laistigh de 12 sheachtain ó thubaiste. Chun gur féidir iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an Stáit i gcás imeachta den mhéid sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh an TRR um théarnamh le chéile an fhaisnéis ábhartha le gur féidir an t-ábhar a chur faoi bhráid an Rialtais agus neart ama tugtha chun iarratas a dhéanamh faoin gCiste Dlúthpháirtíochta. Is ar an TRR um théarnamh a mbeidh freagracht as iarratas den sórt sin a ullmhú, agus tacaíocht á cur ar fáil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Roinn an Taoisigh.

**Cúnamh agus Cabhair Dhaonnúil**

7.15. Is é an Roinn Coimirce Sóisialaí atá i gceannas ar sholáthar cúnaimh dhaonnúil do theaghlaigh i rith éigeandálaí.

7.16. Riarann an Roinn, thar ceann an Scéim Leas Pobail, roinnt scéimeanna leasa a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil do dhaoine incháilithe atá buailte ag éigeandáil:

- Íocaíocht as Riachtanais Eisceachtúla
- Íocaíocht as Riachtanais Phráinneacha
- An Scéim Cúnaimh Dhaonnúil.

7.17. Is gnách go socraítear incháilitheacht ag tástáil acmhainne agus critéir incháilitheachta eile. Is gnách go ndéantar ceangal díreach na Roinne leis an bpobal tríd an Oifigeach Leasa Pobail in oifigí leasa pobail áitiúla. Tá eolas sonrach ar fáil ag at www.welfare.ie.

7.18. Déanfar soláthar scéimeanna cúnaimh agus cabhrach eile a shocrú ag an Rialtas ar bhonn cáis aonair. Ba cheart do Roinn smaoineamh faoi scéimeanna a cheapadh, roimh ré, dá gcuid earnálacha ar féidir a chur i bhfeidhm i gcás go dtarlódh éigeandáil.

**Athbhr eithniú**

7.19. Nuair a lánscoirtear an Grúpa Téarnaimh, ba cheart don TRR athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéim téarnaimh. Seo a leanas ar cheart a dhéanamh san athbhreithniú:

- Ceachtanna a foghlaimíodh a aithint, agus
- Aon athruithe a mholadh a bhfuil gá leo chun próisis téarnaimh a fheabhsú sa todhchaí.

7.20. Tabharfar an t-athbhreithniú seo chuig an TFR, áit a dtabharfar chun críche moltaí a mbíonn tionchar acu ar Ranna eile nó a bhaineann le comhordú náisiúnta.

# LEABHARLIOSTA

Alberta Emergency Management Agency. (2008). *Alberta Emergency Plan.* Faighte ó Alberta Emergency Management: http://www.aema.alberta.ca/alberta-emergency-plan

Rialtas Cheanada. (2012). *All Hazards Risk Assessment, Methodology Guidelines.* Faighte ó Public Safety Canada: https://www.publicsafety.gc.ca/cnt/rsrcs/pblctns/ll-hzrds-ssssmnt/index-en.aspx

Rialtas Cheanada. (2011). *An Emergency Management Framework for Canada.* Faighte ó Public Safety Canada: https://www.publicsafety.gc.ca/cnt/rsrcs/pblctns/mrgnc-mngmnt-frmwrk/index-eng.aspx

Coppola, D. P. (2015). *Introduction to International Disaster Management* (2ú eag.). Oxford: Butterworth-Heinemann.

Danish Emergency Management Agency. (2009). *Comprehensive Preparedness Planning.* Faighte ó http://brs.dk/eng/inspection/contingency_planning/comprehensivepreparednessplanning/Pages/ComprehensivePreparednessPlanning.aspx

An Coimisiún Eorpach (2014). Reachtaíocht an AE ar Chosaint Shibhialta. *Cúnamh Daonna agus Cosaint Shibhialta.* An Coimisiún Eorpach.

Executive Office Branch Tuaisceart Éireann. (2002). *A Guide to Plan Preparation.* Faighte ó https://www.executiveoffice-ni.gov.uk/publications/

Executive Office Branch Tuaisceart Éireann. (2011). *The Northern Ireland Civil Contingencies Framework.* Faighte ón Civil Contingencies Policy Branch - Cáipéisí treorach: https://www.executiveoffice-ni.gov.uk/publications/

